



**An Roinn Airgeadais
Department of Finance**

Sráid Mhuirfean Uacht,
Baile Átha Cliath 2,
Éire.

Upper Merrion Street,
Dublin 2,
Ireland.

Teileafón / Telephone: 353-1 676 7571
Facsimher/ Facsimile: 353-1 678 9936
Gloine Áitiúil / LoCall: 1890 66 10 10
<http://www.irlgov.ie/finance>

E136/1/91

Eanáir, 2008

1/2008 (PC37)

Ciorclán 1/2008 : Cúrsaí agus Scoláireachtaí Gaeltachta 2008

A Dhuine Uasail

1. Tá ordú agam ón Aire Airgeadais na socrutithe anseo thíos a chur i bhfeidhm sa bhliain 2008 maidir le cúrsaí agus scoláireachtaí Gaeilge a bheidh ar siúl ag Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí. Ba cheart go dtabharfadadh gach Roinn agus Oifig lántacaíocht do na socrutithe seo a bhfuil sé d'aidhm leo cumas agus spéis sa Ghaeilge a neartú i measc na fóirne ar fad d'fhoinn timpeallacht dátheangach a chothú, agus na forálacha i leith seirbhís den scoth a sholáthair d'ár gcustaiméirí á gcur san áireamh.

Ba cheart féachaint orthu mar chuid de chlár gníomhaíochta na Roinne chun an Ghaeilge a threisiú agus a fhorbairt san ionad oibre.

Cúrsaí le linn uaireanta oifigiúla

2 Tá cúrsaí ar siúl le linn uaireanta oifigiúla anseo i nGaeleagras na Seirbhíse Poiblí, i Lárionad Traenála agus Forbartha na Státseirbhíse, agus laistigh de na Ranna féin, oifigí áitiúla san áireamh (de réir éilimh), a bhfuil sé de bhunaidhm leo cumas a chruthú chun seirbhís dátheangach a thairiscint agus a thabhairt. Ba cheart do Ranna/Oifigí Stáit a gcuid riachtanais a chur in iúl. Iarrtar ar Ranna/Oifigí daoine a scaoileadh saor chun freastal ar na cúrsaí de réir mar a fhógraíonn Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí iad ó am go ham.

Cúrsaí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath

3 Tabharfaidh Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí gach cúnamh agus comhairle is féidir d'aon ghrúpa de státseirbhísigh ar spéis leo brainse de Ghaeleagras na Seirbhíse Poiblí a bhunú ina gceantar agus cúrsaí Gaeilge a chur ar siúl. Ba cheart do na húdaráis an fhoireann a spreagadh chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus deimhin a dhéanamh de go mbeidh cumas ag cuid acu, ar a laghad, seirbhís dátheangach a thairiscint agus a thabhairt, go háirithe i gceantair Ghaeltachta agus ar imeall na Gaeltachta.

Chuig/Gach Roinn

/Cúrsaí

Cúrsaí Scoláireachta Gaeltachta

4 Is é an phríomhaidhm a bheidh leis na cúrsaí scoláireachta ná cuidiú le státseirbhísigh seirbhís dátheangach a thairiscint agus a thabhairt san ionad oibre, seirbhís atá leagtha síos mar dhualgas ar Ranna agus Oifigí Stáit. Mar sin, iarrtar ar Ranna gach dícheall a dhéanamh chun oifigigh oiriúnacha a scaoileadh chun freastal ar na cúrsaí Gaeltachta faoin scéim scoláireachta. Fógrófar ionaid agus dátaí ar ball.

Scéim Scoláireachta

- 5.1** (i) Is ceadaithe do Ranna suas le 300 scoláireacht a bhronnadh ar státseirbhísigh. Beidh fáilte roimh chomhlachtaí stáit, údaráis áitiúla, 7rl., córas scoláireachta dá gcuid féin a chur ar fáil a bheadh ar aon dul leis an gcóras atá i bhfeidhm sa státseirbhís agus freastal ar na cúrsaí Gaeltachta.
- (ii) Bheifí ag súil go ndéanfadh gach duine a fhaigheann scoláireacht gach iarracht a chuid Gaeilge a fheabhsú agus líofacht a bhaint amach le linn an chúrsa, go leanfad sé/sí ar aghaidh á cleachtadh tar éis an chúrsa agus go mbeadh sé/sí réidh le seirbhís trí Ghaeilge a chur chun cinn ina Roinn/Oifig féin. Iarrtar ar Ranna/Oifigí leas a bhaint as an lucht scoláireachta chun an Ghaeilge a chur chun cinn in a Ranna.
- (iii) Is é a bheidh i gceist leis an scoláireacht ná cúig lá saoire speisialta le pá chun freastal ar chúrsa sa Ghaeltacht a leanfaidh ar feadh ocht lá, dhá lá taistil san áireamh. Gach duine a fhaigheann scoláireacht, faoi na coinníollacha a bheidh leagtha síos, agus a chríochnóidh an cursa iomlán go sásúil, beidh sé/sí i dteideal €125 a fháil ón Roinn/Oifig féin chun cuidiú le costais taistil agus cothaithe a ghlanadh. Is é Gaeleagras na Seirbhise Poiblí a eagróidh na cúrsaí sa Ghaeltacht.
- 5.2** Is iad seo a leanas na treoirílíníte ginearálta a bheidh i bhfeidhm:
- (i) Maidir le bronnadh scoláireachta, ba cheart do Ranna túis áite a thabhairt dóibh siúd atá ag fónamh in oifigí poiblí, 7rl., nó in aon oifigí eile a mbeadh plé acu le pobal na Gaeilge.

/(ii)

- (ii) Lasmuigh díobh siúd beidh an comórtas scoláireachta oscailte d'oifigigh a léirigh ar bhealach praiticiúil go bhfuil spéis acu sa Ghaeilge.
- (iii) Beidh ar gach iarrthóir scrúdú cainte Gaeilge a dhéanamh agus tionscnamh eigin a scríobh faoin a c(h)uid oibre agus sin a thabhairt leis/leí chuig an scrúdú cainte.
- (iv) Gheobhaidh iarrthóirí creidiúint bhreise speisialta as obair i dtaca le cur chun cinn na Gaeilge san ionad oibre agus as freastal ar chúrsaí Gaeilge.
- (v) Ní ghlacfar le iarratais ó oifigigh a fuair dhá scoláireacht nó níos mó ó Eanáir 2003 ach amháin i gcásanna go molfadhbh an Roinn dul ar chúrsa toisc, m.sh., riachtanais ar leith atá aici/aige maidir le cur chun cinn na Gaeilge.
- (vi) Glacfar le iarratais ar scoláireachtaí ar an bhfoirm oifigiúil suas go dtí **28 Márta 2008**. Ní ghlacfar le iarratais ina dhiaidh sin.

Bronnadh Scoláireachtaí

- 6** Is í an Roinn ina bhfuil iarrthóirí ag obair, i gcomhar le Gaeleagras na Seirbhís Poiblí, a bhronnfaidh na scoláireachtaí. Is í freisin a íocfaidh an deontas €125 (mar chúnamh taistil agus lóistín) tar éis an chúrsa. Ba cheart freisin ainmneacha daoine a gheobhaidh scoláireacht a chur ar liosta na ndaoine sa Roinn a bhfuil cumas Gaeilge acu.

Foirmeacha iarratais agus eolas breise

- 7** Tá foirmeacha iarratais mar aon le eolas breise faoi na coinníollacha a ghabhann leis na scoláireachtaí ar fáil ó Ghaeleagras na Seirbhís Poiblí, Teach Lansdúin, Baile Átha Cliath 4 nó Bloc 2, An Láirionad Gnó, Bóthar Chluain Minse, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí

Seimineáir

- 8** Reachtálfайдh Gaeleagras na Seirbhís Poiblí seimineáir speisialta ó am go ham chun moltaí faoi chur chun cinn na Gaeilge a dhéanamh agus a phlé. Cuirfear fógra chuig Ranna roimhré faoi imeachtaí dá leithéid.

Tuilleadh eolais

- 9 Gheofar tuilleadh eolais faoi na socruithe ar fad ach glaoch ar Ghaeleagras na Seirbhíse Poiblí ag (01) 604 5032/604 5044/604 5029 nó (057) 9363676, nó scríobh chuig: Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí, Urlár 4, Teach Lansdúin, Baile Átha Cliath 4 nó Bloc 2, An Lárionad Gnó, Bóthar Chluain Minse, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí. Eolas ar ár suíomh gréasáin www.training.gov.ie.

Scaipeadh

- 10 Bheinn buíoch díot ach an ciorclán seo a scaipeadh ar gach ball den fhoireann sna hoifigí go léir atá faoi do chúram.

Mise le meas,

Jim Duffy
Rúnaí Cúnta
Lárionad Oiliúna agus Forbartha na Státseirbhíse

SUMMARY OF CIRCULAR 1/2008 OF THE DEPARTMENT OF FINANCE

This circular announces the Gaeltacht Scholarship Scheme and certain other Irish Language Courses to be conducted through Gaeleagras na Seirbhise Poiblí during 2008.

It will be noted that all applicants will be required to undergo an oral test. Application forms and detailed information regarding the tests, courses, etc., can be obtained from:

Gaeleagras, Lansdowne House, Ballsbridge, Dublin 4.
Telephone: 01- 604 5032/5029/5044

or

Gaeleagras, Unit 2, Central Business Park, Clonminch Road, Tullamore
Telephone: 057-9363676

Website: www.training.gov.ie